C/2023/412

23.11.2023

P9_TA(2023)0061

Iarraidh ar dhíolúine Nicolaus Fest a tharscaoileadh

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2023 maidir leis an iarraidh ar dhíolúine Nicolaus Fest a tharscaoileadh (2022/2056(IMM))

(C/2023/412)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don iarraidh ó Ionchúisitheoir Ginearálta Bheirlín díolúine Nicolaus Fest a tharscaoileadh an 31 Márta 2022, a tíolacadh le litir dar dáta an 16 Bealtaine 2022 ó Aireacht Chónaidhme Dlí agus Cirt na Gearmáine agus a cuireadh in iúl sa suí iomlánach an 8 Meitheamh 2022,

— tar éis éisteacht a thabhairt do Nicolaus Fest, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint d'Airteagail 8 agus 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh agus d'Airteagal 6(2) den Ionstraim maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach an 20 Meán Fómhair 1976,

— ag féachaint do bhreithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013 agus an 19 Nollaig 2019 ([1]),

— ag féachaint d'Airteagal 46(2), (3) agus (4) de Dhlí Bunúsach do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus de threoirlíne uimh. 192b de *Richtlinien für das Strafverfahren und das Bußgeldverfahren* (Treoirlínte maidir le imeachtaí coiriúla agus imeachtaí chun fíneáil rialála a ghearradh),

— ag féachaint do Rialacha 5(2), 6(1) agus 9 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0055/2023),

A. de bhrí gur iarr Ionchúisitheoir Ginearálta Bheirlín go dtarscaoilfí díolúine pharlaiminteach Nicolaus Fest, Feisire de Pharlaimint na hEorpa, d'fhonn imscrúdú a thionscnamh ar chion atá líomhnaithe gur masla é de réir bhrí Airteagal 185 de Chód Coiriúil na Gearmáine;

B. de bhrí, i litir an 2 Nollaig 2021, go ndearna an gearánach gearán i gcoinne Nicolaus Fest i gcomhréir le hAirteagal 194 de Chód Coiriúil na Gearmáine;

C. de bhrí go mbaineann an gearán le ráitis arna ndéanamh agus arna bhfoilsiú ag Nicolaus Fest ar ardán Twitter;

D. de bhrí, an 10 Meán Fómhair 2021, gur phostáil Nicolaus Fest teachtaireacht ar a chuntas Twitter a raibh an fhoclaíocht seo a leanas inti go bunúsach: 'A *Uasail Beck, cén fáth a ndeir tú gur cladhaire mé? Is ar bhealach an-phoiblí, áfach, a deirim gur bréagadóir thú agus péidifileach míchlúiteach, nach n-úsáideann a thiomantas ar son na nGiúdach ach mar sciath. Shalom! "*

E. de bhrí nach mbaineann na líomhaintí i gcoinne Nicolaus Fest, agus an iarraidh ina dhiaidh sin ar a dhíolúine a tharscaoileadh, le tuairim a thug sé nó vótáil a chaith sé i bhfeidhmiú a dhualgas mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 8 den Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, ach ar an bhfíric gur phostáil sé, mar fhreagra ar tvuít, tvuít inar cuireadh i láthair na líomhaintí a bhraith an duine ar a ndírítear air a bheith maslach;

F. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh go dteachtfaidh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, ina gcríoch náisiúnta, na díolúintí a thugtar do chomhaltaí Pharlaimint a Stáit;

G. de bhrí go bhforáiltear mar a leanas le hAirteagal 46(2), (3) agus (4) de Dhlí Bunúsach Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine:

'(2) I gcás gníomh atá inphionóis, ní fhéadfar Feisire a chur faoi dhliteanas ná a ghabháil ach amháin le formheas an Bundestag, mura rud é gur gabhadh é nó í i mbun gnímh nó an lá tar éis an lae a rinne sé an gníomh sin.

([1]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 17 Eanáir 2013, *Marra* v *De Gregorio and Clemente*, C-200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, Gollnisch v Parlaimint, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, Patriciello, C-163/10, ECLI:EU:C:2011:543. breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 21 Deireadh Fómhair 2008, Marra, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:C:2013:23; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, Junqueras Vies, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115;

(3) Tá formheas an Bundestag riachtanach freisin le haghaidh aon srianta eile ar shaoirse phearsanta Feisire nó le haghaidh nós imeachta a thabhairt isteach faoi Riail 18 i gcoinne Feisire.

(4) Ní mór aon imeachtaí coiriúla agus aon imeachtaí faoi Airteagal 18 i gcoinne Feisire, aon choinneáil agus aon teorannú eile ar a shaoirse phearsanta a chur ar fionraí arna iarraidh sin don Bundestag.';

H. de bhrí go rialaíonn Treoirlíne Uimh. 192b de *Richtlinien für das Strafverfahren und das Bußgeldverfahren* (Treoirlínte maidir le Smachtbhannaí Coiriúla agus Riaracháin) tarscaoileadh díolúine Feisire de Pharlaimint na hEorpa agus de bhrí, go háirithe, go bhforáiltear i mír 1 de:

'(1) Deonaítear d'Fheisire de Pharlaimint na hEorpa ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine an díoluine atá ag Comhalta de Bundestag na Gearmáine […]';

I. de bhrí, de bhun Riail 9(8) de na Rialacha Nós Imeachta, nach rialóidh an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar dhóigh ar bith maidir le ciontacht nó neamhchiontacht an Fheisire nó an ndéanfar nó nach ndéanfar é nó í a ionchúiseamh in imeachtaí coiriúla ar na tuairimí nó na gníomhartha a chuirtear i leith an Fheisire, fiú i gcás ina gceadaíonn scrúdú na hiarrata don Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla eolas domhain a fháil ar an gcás;

J. de bhrí gurb é cuspóir na díolúine parlaimintí an Pharlaimint agus a Feisirí a chosaint ar imeachtaí breithiúnacha a bhaineann le gníomhaíochtaí a dhéantar i bhfeidhmiú feidhmeanna parlaiminteacha agus atá doscartha uathu;

K. de bhrí, i gcomhréir le Riail 5(2) dá Rialacha Nós Imeachta, nach pribhléid phearsanta í díolúine pharlaiminteach don Fheisire, ach gur ráthaíocht í ar neamhspleáchas na Parlaiminte ina hiomláine agus a Feisirí;

L. de bhrí, sa chás seo, nach raibh an Pharlaimint in ann a shuíomh go raibh *fumus persecutionis* ann, i.e. fianaise go dtionscnófar na himeachtaí dlíthiúla a d'fhéadfadh a bheith i gceist d'fhonn dochar a dhéanamh do ghníomhaíocht pholaitiúil an Fheisire agus, dá bhrí sin, do ghníomhaíocht pholaitiúil Pharlaimint na hEorpa;

1. á chinneadh díolúine Nicolaus Fest a tharscaoileadh;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach chuig údaráis inniúil Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus chuig Nicolaus Fest.